city of dublin youth service board

CDYSB

comhairle le leas óige

athbhreithniú bliantúil 2010

city of dublin youth service board
CDYSB
comhairle le leas óige

athbhreithniú bliantúil 2010

Clár na nÁbhar

Tuairisc an Chathaoirligh	2
Buíochas	
Athbhreithniú an Stiúrthóra	
Rannpháirtithe	
Cláir agus ról Tionscadail/Grúpa	
Buíochas le hOibrithe Deonacha	9
Dámhachtainí do Mhórghníomhartha na nOibrithe Deonacha	10
Forbairt agus Tacaíochtaí	12
Ráiteas Misin / Aidhmeanna Straitéiseacha CDYSB 2009-2012	1
Ráitis Airgeadais	20

CDYSB
o Bóthar Morehampton, Domhnach Broc, Baile Átha Cliath .

Teil (01) 2 1100
Facs (01) 2 1199
R-phost info cdysb.cd ec.ie
Gréasán .cdysb.ie

Is é CDYSB an Ghníomhaireacht Forbartha Oibre Óige de Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath.

Tuairisc an Chathaoirligh

Ba bhliain dheacair í 2010 do sheirbhísí óige, go háirithe leis na srianta airgid a chuir an cúlú eacnamaíochta ar dhaoine óga agus a dteaghlaigh.

Mhéadaigh líon na ndaoine óga a bhain leas as seirbhísí óige i 2010 agus, a bhuíochas le tiomantas na n-oibrithe deonacha agus na bhfoirne, tógadh isteach i dtionscadail/seirbhísí óige agus grúpaí sa chathair iad. Rinneadh cinntí ag gach leibhéal chun costais a ghearradh le soláthar díreach seirbhísí do dhaoine óga a chaomhnú. Bhí an t-am a chaith oibrithe deonacha ag obair rílárnach do chaomhnú seirbhísí gníomhacha, beoga óige do dhaoine óga. In ainneoin an anró atá cruthaithe ag na cúinsí reatha eacnamaíochta, ag leibhéal pobail tá daoine óga ag baint taitnimh as a ngníomhaíochtaí, as bheith i dteannta a chéile agus iad i mbun raon clár agus dúshlán. Níl an ghné thaitneamhach imithe ón obair óige, ar ámharaí an tsaoil. Táim dóchasach go gcabhróidh an spiorad a chothaíonn an obair seo le daoine óga aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá rompu ina saolta agus ina bpobail.

Thar ceann an Bhoird ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach aon duine de na hoibrithe deonacha agus na foirne atá ag obair i dtionscadail agus clubanna óige, a chuireann a gcuid ama agus tiomantais ar fáil dár n-aos óg. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith le foireann an CDYSB atá tar éis tiomantas suntasach a léiriú in athrú a bhainistiú ag gach leibhéal trí bheith solúbtha agus díriú ar fhorbairt agus tacaíocht a sholáthar ar mhaithe le leas na ndaoine óga ina bpobail i gCathair Bhaile Átha Cliath.

An Comh. incent ac2son.

Buíochas

Ba mhaith le Bord CDYSB an maoiniú a thabhairt chun suntais a fhaigheann siad ó mhuintir na hÉireann tríd an gCrannchur Náisiúnta, Oifig Aire na Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Roinn obail, Comhionannais agus Gnóthaí Gaeltachta agus ó Ard-Stiúrthóireacht Seirbhísí Réigiúnacha na Roinne Oideachais agus Scileanna. De bhreis air sin, ba mhaith linn buíochas a ghabháil le foirne na roinne seo as ucht na tacaíochta leanúnaí a fhaighimid uathu. Gabhaimid buíochas chomh maith le foireann CDYSB as ucht a gcuid gairmiúlachta agus tiomantais d'obair an Bhoird.

Liosta Comhaltaí an Bhoird

An Comh. addy Bour2e
An tAth. im Caffrey
An Comh. Michael Conaghan
An Comh. e in umphries
An Comh. incent ac2son
An Comh. Dermot Lacey
An Comh. Críona Ní Dhálaigh
ic2y Rattigan
Mary Clar2e
Ben Bishop
Mar2 arding

I láthair sa bhliain 2010

Mary Mooney, Stiúrthóir, CDYSB.
Anne Meehan, Stiúrthóir Cúnta, CDYSB.
Stephen Mc Carthy, Oifigeach Oideachais, CD EC.
Niamh entony, Rúnaí an Bhoird, CDYSB.

Athbhreithniú an Stiúrthóra 2010

Cuireadh an plean oibríochta, faoi mar a cuireadh faoi bhráid an bhoird sa bhliain 2010, i gcrích agus chun cinn le héifeachtúlacht agus tiomantas suntasach ón bhfoireann. Dhéileáil an eagraíocht le na héiginnteachtaí a tháinig ó na beartais bhuiséid a tugadh isteach i mí na Nollag 2009 i ngach gné dá cuid oibre le tionscadail/seirbhísí agus clubanna/grúpaí óige sa chathair.

Laghdaíodh maoiniú do thionscadail/seirbhísí arís de bharr na mbeartas buiséid. Chuamar i gcomhar le gach tionscadal/grúpa chun an bealach a dhéanfadh siad a gcuid airgid a bhainistiú a mheas bunaithe ar chiorrú measta i gcúnamh deontais. Bhí na tionscadail/seirbhísí fíorbhuíoch as an am, eolas agus tacaíocht a cuireadh ar fáil i gcás soláthair túslíne seirbhísí do dhaoine óga. Ba chúis frustrachais í do gach aon duine nár fhógair an OMCYA na leithdháiltí ach go déanach i mí an Mheithimh 2010. Eagraíodh cruinniú le hArd-Stiúrthóir OMCYA inar luadh go raibh seo ina chonstaic do phleanáil agus soláthar seirbhíse óige ardchaighdeáin.

Rinne CDYSB a thiomantas a urramú i gcás tionscadail/seirbhísí agus a chuid foirne a choimeád cothrom le dáta maidir le forbairtí i rith na bliana. I ndiaidh tásc de chiorruithe breise sa bhliain 2011 tháinig CDYSB le chéile arís le tionscadal chun pleanáil a dhéanamh d'impleachtaí ciorraithe 10% ar mhaoiniú sa bhliain 2011. De thoradh air seo agus ar phlé leis an OMCYA ar cheartuithe bonnlíne sa bhliain 2010 bhí sé de chumas againn a chinntiú go bhféadfadh formhór na dtionscadal a bhfoirne a choimeád ina bpoist i rith 2011. Baineadh é seo amach, áfach, trí iarracht mhór bheith curtha isteach ag tionscadail/seirbhísí in ath-idirbheartú muirear agus táillí áitiúla agus laghdú ar bhuiséid chlár agus srian daingean bheith ar chaiteachas.

D'aontaigh CDYSB, mar pháirt den chlár gnó leasúchán do sheirbhís phoiblí, seirbhís tacaíochta náisiúnta a sholáthar do chur i bhfeidhm Creata Caighdeán Cáilíochta Náisiúnta (NQSF) ag earnáil na gCoisteí Gairmoideachais. Cuireadh socruithe i bhfeidhm leis an CGOÉ agus OMCYA a bhí mar chúis le cruthú Seirbhíse Tacaíochta Náisiúnta NQSF. Cruthaíodh an tseirbhís trí athchumrú acmhainní foirne CDYSB agus cuireadh ar fáil é gan costas ar bith

gearrtha ar an stát. Tá CDYSB tar éis bheith páirteach i scéim phíolótach NQSF agus rinne siad obair ar ullmhú do sholáthar na seirbhísí óige uile. Bhí sé mar bhuntáiste do CDYSB, an OMCYA agus earnáil na hoibre óige i gcoitinne, dá bharr, bheith mar pháirt lárnach den chur i bhfeidhm laistigh d'earnáil an Ghairmoideachais.

Léiríodh athdhíriú ar leith sa bhliain 2010 sa tseirbhís do chlubanna agus grúpaí óige nuair a athchóiríodh an scéim deontais le go mbeadh níos mó solúbthachta agus cruthaitheachta ann, chomh maith le luach níos fearr ar airgead do ghníomhaíochtaí a gcuid comhaltaí. Rinne grúpa oibre athbhreithniú ar chineálacha deontas agus foirmeacha iarratais agus rinne siad lámhleabhar ar na deontais agus na seirbhísí atá ar fáil a sholáthar. Leanfar leis an obair seo sa bhliain 2011 sa straitéis dheonach agus clubanna.

Rinneadh obair an CDYSB agus a chroídhualgas agus feidhmeanna ag caighdeán ard agus le hildánacht ó chomhaltaí na foirne. Rinneadh athbhreithniú agus pleanáil ar struchtúr agus soláthar seirbhísí i gcomhthéacs athruithe pearsanra agus iarmhairtí moratóra. Cuireadh foireann CDYSB ar an eolas go hiomlán maidir le seasamh agus impleachtaí an tsuímh airgeadais i rith na bliana. Cuireadh athstruchtúrú róil agus freagrachtaí foirne CDYSB do 2011 ar bun le comhoibriú iomlán uathu siúd atá bainteach leis.

Chothaigh CDYSB caidreamh tairbheach agus feasach le tionscadail/seirbhísí óige agus clubanna agus grúpaí deonacha i rith 2010. Rinneadh coigeartuithe suntasacha ar thionscadail/seirbhísí laistigh de na srianta airgeadais atá le brath sa tír agus tugann CDYSB chun suntais an dea-thoil agus an obair chrua atá déanta ag oibrithe deonacha, comhaltaí foirne i dtionscadail/seirbhísí agus ag ár bhfoireann féin in CDYSB. Le béim curtha againn ar sholáthar seirbhísí oibre óige, clár agus gníomhaíochtaí ardchaighdeáin do shaoránaigh óga Chathair Bhaile Átha Cliath, tháinig tiomantas na ndaoine go léir a bhí páirteach chun solais le paisean agus díograis a chabhróidh leis an earnáil pleanáil a dhéanamh agus déileáil leis na dúshláin atá roimhe sna blianta amach romhainn.

Mary Mooney
Stiúrthóir

Rannpháirtithe

Léiríonn an tábla thíos líon na ndaoine óga 0-25 bliain d'aois agus níos sine atá tar éis bheith páirteach i dtionscadail/seirbhísí óige agus clubanna agus grúpaí deonacha a bhí ag fáil maoinithe trí CDYSB sa bhliain 2010.Ghlac 44388 duine páirt sna seirbhísí uile. B'ionann tionscadail/seirbhísí óige agus 28816 (65%) de na rannpháirtithe agus chuir clubanna/grúpaí deonacha gníomhaíochtaí agus cláir ar fáil do 15572 (35%) de na rannpháirtithe.

Maidir le tionscadail/seirbhísí óige, san aoisraon 10-14 bliana bhí 12655 (44%) rannpháirtí, agus 9228 (32%) in aoisraon 15-19 mbliana. Tá na rátaí aoisbhunaithe seo beagán éagsúil leis na clubanna/grúpaí deonacha áit a bhfuil 6056 (39%) de rannpháirtithe ag aois 10-14 agus 3891 (25%) ag aois 15-19.

Ar an iomlán b'ionann aoisraon 10-19 mbliana agus 31830 (72%) duine óg a bhí páirteach sa raon iomlán seirbhísí atá tacaithe agus maoinithe ag CDYSB sa bhliain 2010. Léiríonn an miondealú ar inscní na ndaoine a bhí páirteach i dtionscadail/seirbhísí óige go raibh sé cothrom go leor le 14754 (51%) fireann agus 14062 (49%) baineann. Tá an chothromaíocht beagán éagsúil do dhaoine óga a bhí páirteach i gclubanna/grúpaí deonacha áit a raibh 7626 (49%) fireann agus 7946 (51%) baineann.

Tábla 1: Páirtíocht Daoine Óga i seirbhísí maoinithe trí CDYSB- 2010

Aoisghrúpa	0-9	10-14	15-19	20-24	25+	0-25
Tionscadail/Seirbhísí Óige						
Fireann	1679	6439	4905	954	777	14754
Baineann	2032	6216	4323	732	759	14062
Iomlán na rannpháirtithe	3711	12655	9228	1686	1536	**28816**
Clubanna/Grúpaí Deonacha						
Fireann	1794	3053	1949	406	424	7626
Baineann	2055	3003	1942	408	538	7946
Iomlán na rannpháirtithe	3849	6056	3891	814	962	**15572**
Gach Seirbhís						
Fireann	3473	9492	6854	1360	1201	22380
Baineann	4087	9219	6265	1140	1297	22008
Móriomlán	7560	18711	13119	2500	2498	**44388**

Sa bhliain 2010, b'ionann líon na gcineálacha/réimsí clár curtha ar fáil ag 55 tionscadal/seirbhís óige tríd an CDYSB agus 1,049. Chuimsigh na cláir raon leathan réimsí agus gníomhaíochtaí, le cineálacha clár ar leith curtha ar fáil ag beagnach gach ceann de na tionscadail/seirbhísí. Léiríonn na trí thábla seo a leanas réimse na gclár i dtéarmaí minicíochta a sholáthar (i.e. líon agus céatadán na dtionscadal/seirbhísí a chuir cineálacha ar leith clár ar fáil).

Tábla 2: Minicíocht Soláthair An-Ard

Cineál Clár	Líon na dTionscadal/Seirbhísí Óige	% na dTionscadal/Seirbhís
Forbairt Phearsanta	54	98
Áineas	52	94
Oideachas faoi Dhrugaí	51	93
Ócáidí Sóisialta	48	87
Spóirt	47	85
Cláir Shamhraidh	47	85
Ionaid 'Buail Isteach'	46	84
Ríomhairí	45	82
Oideachas Allamuigh	45	82

Léiríonn an tábla thuas gurb é Forbairt Phearsanta ina bhfuil 54 tionscadal/seirbhís (98%) an cineál cláir is minice a sholáthraítear. Bhí Áineas ina raibh 52 (94%) tionscadal/seirbhís agus Oideachas faoi Dhrugaí 51 (93%) tionscadal/seirbhís sa dara agus tríú háit faoi seach. Reáchtáladh Ócáidí Sóisialta i 48 (87%) tionscadal/seirbhís suas chuig cláir Oideachais Allamuigh a cuireadh ar fáil i 45 (82%) tionscadal/seirbhís óige.

Tábla 3: Minicíocht Soláthair Ard

Cineál Cláir	Líon na dTionscadal/Seirbhísí Óige	% na dTionscadal/Seirbhísí
Amharcealaíona	44	80
Ceol	44	80
For-Rochtain	44	80
Gnéasoideachas	43	78
Daoine Óga agus an Dlí	42	76
Cónaitheach	41	74
Oideachas Sainiúil d'Inscne	40	72
Drámaíocht	39	71
Oideachas Piaraí	39	71

Léiríonn tábla 3 minicíocht na gclár a chuirtear ar fáil. Ó na hAmharcealaíona a cuireadh ar fáil i 44 (80%) de thionscadail/seirbhísí óige ag an bpointe is airde go hOideachas Piaraí ar fáil i 39 (71%) tionscadal/seirbhís óige ag an bpointe is ísle. Tarraingímid aird ar an suntas go raibh beagnach trí cheathrú (74%) de na tionscadail/seirbhísí óige páirteach i gcláir chónaitheacha i rith 2010.

Tábla 4: Miniciocht Sholáthair níos Ísle		
Cineál Cláir	**Líon na dTionscadal/Seirbhísí Óige**	**% na dTionscadal/Seirbhísí**
Oideachas Sóisialta & Polaitiúil	38	69
Damhsa	33	60
Oiliúint Frith-Chiníochais	31	56
Feasacht Comhshaoil	30	54
Litearthacht	29	53
Club Oibre Baile	26	47
Obair Shráide	24	44
Cláir Eile	27	49

Léiríonn tábla 4 na leibhéil is ísle soláthair ó chláir Oideachais Sóisialta agus Polaitiúil 38 (69%) tionscadal/seirbhísí óige ag an bpointe is airde go cláir Oibre Sráide 24 (44%) tionscadal/seirbhís óige ag an bpointe is ísle. Chuir seacht dtionscadal/ seirbhís agus fiche eile (49%) cláir/gníomhaíochtaí eile ar fáil nach bhfuil ainmnithe go sonrach ar na táblaí thuas.

Tá sé an-soiléir ó raon, fairsinge agus cineálacha na gclár agus na ngníomhaíochtaí a bhí á gcur ar fáil ag tionscadail/seirbhísí óige sa bhliain 2010 go raibh forbairt phearsanta, shóisialta, fhisiceach agus shibhialta daoine óga ag croílár sholáthar na hoibre óige i gCathair Bhaile Átha Cliath. Chuaigh cláir shainiúla oideachais, forbartha agus áineasa i gcomhar lenaa chéile le dul i mbun gnéithe níos cruthaithí agus tromchiallaí, ar nós na n-amharcealaíona, an cheoil agus na drámaíochta.

Bhí na cláir agus gníomhaíochtaí a chuir na tionscadail/seirbhísí óige ar fáil múnlaithe agus stiúrtha ag riachtanais agus cumas na ndaoine óga rannpháirteacha.

Tábla 5: Rannpháirtíocht na nObrithe Deonacha i seirbhísí maoinithe trí CDYSB - 2010			
Seirbhís	**Fireann**	**Baineann**	**Iomlán**
Tionscadail/Seirbhísí Óige	326	636	962
Clubanna/Grúpaí Deonacha	1237	1373	2610
Móriomlán	1563	2009	**3572**

Tá líon na n-oibrithe deonacha a chuir leis an raon seirbhísí atá á maoiniú trí CDYSB sonraithe sa tábla thuas. Sa bhliain 2010 chuir 3572 oibrí deonach le raon seirbhísí le 2610 (73%) bainteach le clubanna agus grúpaí deonacha agus 962 (27%) páirteach i dtionscadail/seirbhísí óige. Cuimsithe i bpáirtíocht na n-oibrithe deonach i dtionscadail/seirbhísí óige bhí freagrachtaí boird bhainistíochta/coiste agus obair dhíreach le daoine óga le mionlach na n-oibrithe deonacha páirteach i réimsí eile oibre. I gceist leis an obair a rinne deonacha i gclubanna/grúpaí deonacha bhí idir obair dhíreach le daoine óga, bhallraíocht ar choiste, agus tiomsú airgid agus riarachán.

I gcás na cothromaíochta inscne bhí 636 (66%) de na hoibrithe deonacha sna tionscadail/seirbhísí óige baineann agus 326 (34%) fireann. Bhí an chothromaíocht inscne do chlubanna/grúpaí deonacha níos cothroime áit a raibh 1373 (53%) de na hoibrithe deonacha baineann agus 1237 (47%) fireann.

I rith 2010 bhí ról suntasach ag oibrithe deonacha, iad mar ghné riachtanach, i soláthar rathúil na seirbhísí agus tacaíochtaí oibre óige ag leibhéal pobail áitiúil i gCathair Bhaile Átha Cliath.

Dámhachtainí do Mhórghníomhartha Suntasacha san Obair Dheonach leis an Aos Óg 2010

Cuireadh an searmanas ar bun ag dinnéar fleáchais i mí na Samhna, agus bhain cúigear déag deonach dámhachtain amach sna trí chatagóir seo a leanas;

- Ceannaire Óg (oibrithe deonacha ó aoiseanna 16-20)
- Ceannaire (oibrithe deonacha 21 bliain d'aois agus níos sine a oibríonn go díreach le daoine óga)
- Oibrithe Deonacha Cúnta (oibrithe deonacha 21 bliain d'aois agus níos sin a oibríonn ar bhonn cúnta i gclub/grúpa óige nó i dtionscadal/seirbhís óige)

An Príomhchainteoir a bhí ann don oíche ná Colm O'Gorman, Stiúrthóir Amnesty International Éireann a chuir na dámhachtainí i láthair. Ina óráid chuir sé béim ar thábhacht na n-aosach agus na bpobal. An príomhchainteoir a bhí ann don oíche ná Colm O'Gorman, Stiúrthóir Amnesty International na hÉireann a chuir na dámhachtainí i láthair.
Ina óráid, leag sé béim ar an tábhacht a bhaineann le haosaigh agus pobail atá sochair i bhforbairt daoine óga agus an ról riachtanach atá ag deonaigh sa phróiseas seo. Chuir sé dúshlán faoi gach gach deonach agus pobal áitiúil chomh maith ceannaireacht a léiriú sa tréimhse deacair seo i saol na tíre. Thug cathaoirleach CDYSB, an Comh. Vincent Jackson agus POF CCGBÁC, Jacinta Stewart, cainteanna chomh maith do na daoine a bhí i láthair don dinnéar.

Ainm an Fhaighteora	Catagóir	Tionscadal/Grúpa
David O'Brien	Ceannaire	Club Óige The Plough, BÁC 9
Teresa Duffy	Ceannaire	Allsorts Club, BÁC 11
Sinead Comiskey	Ceannaire	Whitefriar Aikido Club agus Seirbhís Óige Limistéar an Deiscirt, BÁC 2
May O'Donohoe	Deonach Cúnta	Rialto Variety Group, BÁC 8
Maria Carroll	Deonach Cúnta	Treoraithe Buíon Naomh Brendán, BÁC 5
Michael Donlan	Deonach Cúnta	127ú Grúpa Gasóg Dhroim Conrach, BÁC 9
Gavin Tracey	Ceannaire Óg	Acmhainn Óige Réigiúnach Bhaile Munna, BÁC 11
Deirdre O'Malley	Ceannaire	Treoraithe Buíon Naomh Brendán, BÁC 5
John Joe O'Neill	Deonach Cúnta	5ú Grúpa Gasóg Mara Chuan Chnocáin Doirinne, BÁC 3
Garry Moran	Deonach Cúnta	Seirbhís Óige Réigiúnach - Bradóg, BÁC 1
Stuart Hamilton	Ceannaire Óg	Advancing Youth Croimghlinn Íochtarach, BÁC 12
Johnny Scurry	Deonach Cúnta	The Cavan Centre
Shannon Lynch	Ceannaire Óg	44ú/93ú Grúpa Gasóg Bhaile Átha Cliath, Croimghlinn, BÁC 12

Dámhachtainí do Mhórghníomhartha Suntasacha san Obair Dheonach leis an Aos Óg 2010

Faighteoirí na ndámhachtainí le acinta Ste art, OF CGCBÁC, An Comh. (incent ackson, Cathaoirleach CDYSB agus Colm O'Gorman, Stiúrthóir Amnesty International

Forbairt agus Tacaíochtaí

Beartas Oibre Deonaí

De réir thiomantas sainráite an CDYSB do bhéim a chur ar pháirtíocht ríluacmhar na n-oibrithe deonacha san obair óige do Chathair Bhaile Átha Cliath, tosaíodh ar phróiseas sa bhliain 2010 chun beartas oibre deonaí a fhorbairt don eagraíocht. I gceist leis seo bhí sonrú na gcaidreamh atá ag CDYSB le raon leathan oibrí deonach san obair óige i gCathair Bhaile Átha Cliath. Cuirfear an dréacht-dhoiciméad beartais faoi bhráid grúpa tagartha deonach arna mheas agus freagairt sa bhliain 2011.

Measúnuithe/Athbhreithniúcháin

Mar a tharla i mblianta roimhe seo, choimisiúnaigh CDYSB roinnt measúnuithe agus athbhreithniúcháin i dtionscadail/seirbhísí roghnaithe. Oibríonn na measúnuithe ó thaobh forbartha de agus cuireann siad an deis ar fáil athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar sholáthar eagraíochta agus seirbhíse. Chuathas i gcomhar le páirtithe leasmhara iomchuí (e.g. ionadaithe coiste/bord bainistíochta) maidir le sonrú agus téarmaí tagartha na measúnuithe. I ndiaidh próisis tairisceana poiblí tugadh cuireadh do pháirtithe ar spéis leo a gcuid oibre a chur i láthair do CDYSB sular bronnadh píosa sainithe oibre.

I rith 2010 cuireadh píosaí ar leith oibre i gcrích mar seo a leanas:

- Measúnú ar Ealaíona Uirbeacha
- Measúnú ar Sheirbhís Chomhtháite Ghort na Silíní
- Measúnú ar Thionscadal Óige Belvedere
- Anailís Riachtanais ar Fhorbairt Seirbhíse Óige sa Chloigín Gorm

Cuirtear gach measúnú agus tuairisc ar aghaidh go forbairt agus stiúradh todhchaí an tionscadail/na seirbhíse agus/nó réimse na hoibre/an chláir.

Grinnfhiosrúchán na nGardaí

Sa bhliain 2010 fuair CDYSB agus rinne siad próiseáil ar 678 Foirm Grinnfhiosrúcháin Gardaí thar ceann na dtionscadal/seirbhísí óige agus na gclubanna/grúpaí óige neamh-chleamhnaithe. Bunaíodh grúpa Grinnfhiosrúcháin Gardaí laistigh de CDYSB comhdhéanta de Shínitheoirí Údaraithe agus príomhról an ghrúpa ná maoirseacht agus próiseáil a dhéanamh, agus cinntiú a thabhairt go mbeidh an Grinnfhiosrúchán faoi rún, go háirithe ós rud é go mbaineann sé le seirbhísí oibre óige atá á maoiniú tríd an CDYSB. Chuir an grúpa tacaíocht agus oiliúint ar fáil chomh maith do na 90 duine ainmnithe bunaithe sna tionscadail/seirbhísí óige i gCathair Bhaile Átha Cliath. Bhí Cuibhreannas Grinnfhiosrúcháin na nGardaí, a bunaíodh i lár 2009, ag obair le linn 2010 agus léirigh sé go raibh sé ina bhealach maith gluaiseacht foirne agus dheonach a éascú thar earnáil na hoibre óige sa chathair.

Oiliúint Cosanta agus Leasa Leanaí 2010		
Rannpháirtithe	Líon	%
Foireann Oibre Óige	87	42
Comhaltaí/Deonacha an Bhoird Bhainistíochta	70	34
Mic Léinn Oibre Óige	48	24
Iomlán	**205**	**100**

Ghlac 205 duine páirt in oiliúint Cosanta agus Leasa Leanaí a chuir an CDYSB ar fáil sa bhliain 2010. Bhí na rannpháirtithe comhdhéanta de 87 (42%) comhalta foirne oibre óige, 70 (34%) comhaltaí/oibrithe deonacha ón mbord bainistíochta agus 48 (24%) dalta oibre óige. Rinneadh taifeadadh ar shonraí agus freastal rannpháirtithe ar bhunachar sonraí CDYSB arna nuashonrú agus athbhreithniú.

BA (Onór) Cúrsa san Obair Óige

Aistríodh an Cúrsa DkIT BA (Onór) san Obair Óige go cúrsa cláraithe LOI sa bhliain 2010. Rinne CDYSB agus Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan idirbheartú ar chomhaontas páirtíochta chun a chinntiú go mbeadh an cúrsa ar fáil d'earnáil na hoibre óige i rith 2010.

Cúrsa Bainistíochta

Forbraíodh Teastas nua Leibhéal 8 (Cuspóir Speisialta) sa Cheannaireacht & Bainistíocht idir Catholic Youth Care (CYC), Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, agus CDYSB. Tá an cúrsa páirtaimseartha seo dírithe ar hainisteoirí, ceannairí foirne agus maoir de thionscadail agus seirbhísí oibre óige. Thosaigh 22 rannpháirtí an clár i mí Mheán Fómhair 2010 agus tá siad ar fad páirteach i bhforbairt tionscadal agus seirbhísí óige i gceantar Bhaile Átha Cliath.

Ealaín Óige

I rith 2010, forbraíodh agus soláthraíodh raon ceardlann ealaíne praiticiúla agus cúrsaí oiliúna i réimsí amhail photo story. ceirneoireacht, amhare-alaíona agus ceardaíocht. Forbraíodh clár píolótach chomh maith inar cuireadh tacaíocht ar fáil do chlubanna/grúpaí óige agus tionscadail/seirbhísí óige a gcuid clár ealaíne féin a chruthú le tacaíocht ó CDYSB. Bhí orainn taispeántas d'ealaín óige ó chlubanna, grúpaí agus tionscadail óige dar teideal "Merry Chrismas Everybody" a chur ar ceal de bharr na drochaimsire agus cuireadh ar athlá é go dtí earrach 2011.

Oiliúint/Ceardlanna 2010

D'eagraigh agus d'éascaigh CDYSB raon cúrsaí agus clár a bhí dírithe go sonrach ar fhoirne oibre óige. I measc na réimsí a cuimsíodh bhí sláinte ghnéis, bheith ag obair le teaghlaigh, daoine óga a spreagadh agus scileanna idirghabhála don féinmharú. Bhí 70 duine páirteach san iomlán; tromlach mór díobh ina n-oibrithe óige le roinnt tuismitheoirí daoine óga.

Ealaíon Uirbeach an Aosa Óig (YUA)

D'ainmnigh croíghrúpa de 15 dhuine óg (16-21 bliana d'aois) ó thionscadail óige ar fud chathair Bhaile Átha Cliath Rogue Effect a rinne comhléiriú ar thaispeántas ilmheán le YUA. D'fhorbair Rogue Effect faoi mar ba mhian le YUA chun daoine óga a chur ag croí an chláir. Cruthaíodh an fhoireann léiriúcháin i ndiaidh fógra chuig tionscadail agus seirbhísí óige ar fud na

cathrach agus tháinig siad le chéile i mí Eanáir.

Trí phróiseas oscailte agus comhoibritheach a úsáid, bhí smaointe agus guthanna daoine óga lárnach agus ghlac siad ról gníomhach orthu féin i múnlú agus forbairt an tionscadail. De bhreis ar fhreagracht roinnte a ghlacadh i soláthar an chláir, bhain siad leas chomh maith as meantóireacht ó ghairmithe i réimse na n-ealaíon. Ní raibh mórán taithí ag an-chuid de na daoine óga i léiriúchán taispeántais bheo. Ó bheith páirteach i ngach gné de thionscadal amhail an bhuiséid, indéantacht, srianta ama agus infhaighteacht, d'fhoghlaim na daoine óga an-chuid ina thaobh. Le cúnamh ó ealaíontóirí gairmiúla chruthaigh na daoine óga "Deano", scéal; corraitheach a léiríonn na dúshláin a chothaíonn piarbhrú agus cultúr óige uirbeach.

Is iad na daoine óga a chum gach gné den léiriúchán deiridh, beochan, graifítí, fuaimrian bunaidh agus an scannán gearr. San iomlán bhí 13 ealaíontóir agus oibrí amharclainne le 57 duine óg ó 15 thionscadal/seirbhísí ar fud chathair Bhaile Átha Cliath ag obair ar Rogue Effect.

Cuireadh an dá thaispeántas bheo ar bun i rith mhí Iúil os comhair tithe lána agus bhí an deis ag cairde, teaghlaigh, oibrithe oibre óige agus ealaíontóirí na ndaoine óga a n-aistear spreagúil a fheiceáil.

Tionscadail agus Grúpaí

I rith 2010 chaith foireann Bhuíne Ceantair CDYSB roinnt mhaith ama ag tacú le Tionscadail/Seirbhísí pobalbhunaithe déileáil leis an leibhéal ardaithe éiginnteachta atá ann maidir le leithdháileadh maoiniúcháin do thionscadail ar fud na cathrach. D'fhéadfaí imní a bhrath maidir leis na ciorruithe maoinithe féideartha, agus an éiginnteacht ghaolmhar maidir le poist foirne a choimeád laistigh de na tionscadail. Mar thoradh ar phleanáil stuama airgid, áfach, i ndiaidh laghduithe costais agus tiomsuithe airgid uaireanta, bhí sé de chumas ag tionscadail óige ar fud na cathrach a gcuid acmhainní foirne a choimeád agus seirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil do dhaoine óga.

Chuathas i mbun chur chuige nua CDYSB sa bhliain 2009 d'aghaidh a thabhairt ar gach tionscadal ceann ar cheann chun athbhreithniú a dhéanamh ar a suíomh airgeadais agus thug seo léargas iontach dúinn ar na deacrachtaí atá ag tionscadail aonair agus chuir sé ar chumas CDYSB acmhainní a ath-leithdháileadh chun freastal ar na riachtanais a tháinig chun solais. Tháinig aiseolas dearfach ó na tionscadail seo maidir leis an am a chuir CDYSB isteach agus maidir leis an deis a cuireadh ar fáil do thionscadail/seirbhísí a suíomhanna ar leith a shonrú.

Ghlac an fhoireann Cheantair páirt in athbhreithniú ar an gcóras deontais do chlubanna agus grúpaí deonacha chomh maith a cuireadh i bhfeidhm ó Shamhain 2010. De bhreis air seo, bhí comhaltaí foirne páirteach i bhforbairtí san eagraíocht mar bhaill de ghrúpaí oibre ina gcuimsítear: Earcaíocht agus Roghnú, Cosaint agus Leasa Leanaí, Obair Chomhionannais/Idirchultúrtha agus modúil Oibre Óige a fhorbairt agus a sholáthar sa chúrsa céime in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (DkIT).

Mar pháirt den obair thosaigh do chur i bhfeidhm an Chreata Caighdeán Cáilíochta Náisiúnta (NQSF) don Obair Óige, chuaigh an fhoireann i mbun líon seisiún faisnéisithe, oiliúna agus laethanta roinnte scileanna. De bhreis air sin, rinneadh obair arna iarraidh ag OMCYA roinnt páipéar/acmhainní a ullmhú maidir le NQSF. Réimse eile oibre a raibh obair ar siúl ag an bhfoireann air ná tacú le tionscadail an Fhoirm Iarratais nua do mhaoiniú a chomhlánú, a thug QMCYA isteach, ina raibh cruthú treoir-dhoiciméad.

Bhí an fhoireann páirteach chomh maith in ionadaíocht a dhéanamh do CDYSB i roinnt struchtúir go háitiúil, go háirithe Grúpaí Forbartha (YPFSF), Foirne Mear-Fheidhmithe srl. De bhreis ar seo, caitheadh an-chuid ar fhorbairtí ceantair ar fud na cathrach, agus tá sonraí faoi dhá fhorbairt dá leithéid ar fáil thíos:

1. Tionscnamh Safer Streets

Tháinig Tionscnamh Safer Streets chun beatha i ndiaidh cruinnithe idir CDYBS agus Grúpa Forbartha Thuaisceart na Cathrach, a bhí buartha mar thoradh ar ardú dealraitheach in iompar aimhleasta in áiteanna áirithe i dTuaisceart na Cathrach.

Luaigh CDYSB ón tús gur aithin agus gur chuir siad chun suntais an obair atá ar siúl ag Tionscadail/Seirbhísí Óige i dTuaisceart na Cathrach, agus gur chreid siad, mar pháirt dá ról i ndáil le comhordú Seirbhísí Óige sa cheantar, go mbeadh sé fóinteach na grúpaí ábhartha go léir a thabhairt le chéile chun an mhórcheist a phlé. Luaigh CDYSB chomh maith nach raibh fadhb an iompair aimhleasta bainteach le daoine óga amháin, agus nach bhfuiltear ag súil go bhféadfadh an Earnáil Óige an fhadhb a réiteach ina haonar.

D'eagraigh CDYSB trí chruinniú chun an mhórcheist a phlé, ceann amháin leis an bhfoireann fostaithe sna Tionscadail/Seirbhísí Óige, an dara ceann le comhaltaí Bhord Bainistíochta na dTionscadal/Seirbhísí agus an ceann deireanach le daoine óga ina dtionscadail/ceantair féin éascaithe ag oibrithe óige na dtionscadal seo. Cuspóir na gcruinnithe seo ná éascú do gach duine de na páirtithe leasmhara:

1. Iniúchadh a dhéanamh ar mhórcheist an iompair aimhleasta
2. Taithí a roinnt lena chéile maidir leis an mórcheist seo
3. Roinnt moltaí a aimsiú i dtaobh aghaidh a thabhairt ar an mórcheist seo

Tháinig ionadaithe ó 10 dtionscadal chuig an gcruinniú a bhí ag obair sa réimse seo le roinnt nach bhfuil á maoiniú trí CDYSB. Tháinig roinnt mhaith pointí chun solais ag na cruinnithe seo:

- go gcuimsíonn an téarma "iompar aimhleasta" raon leathan gníomhaíochtaí
- nach iad daoine óga amháin a bhíonn i mbun an iompair aimhleasta, cé go bhfuil sé i súile an phobail i gcoitinne nach mór gurb iad
- go mbraitheann daoine óga go n-amharctar orthu mar choirpigh ón mbealach a gcaitear leo agus iad lena gcairde ag comhrá nó ag gáire
- go bhféadfadh iompar aimhleasta bheith bainteach le mí-úsáid alcóil nó drugaí
- go dtarlaíonn splancacha den saghas seo ruda ag amanna áirithe sa bhliain, i.e. Oíche Shamhna

Rinneadh nóta de chomh maith go bhfuil daoine óga nach mian leo dul i gcomhar le seirbhísí óige agus a bhfuil idirghabháil eile de dhíth orthu

Mar pháirt den phlé seo aontaíodh ar réitigh, agus de thoradh ar seo leithdháil CDYSB maoiniú chun roinnt tionscnamh/clár a chistiú chun aghaidh a thabhairt ar na mórcheisteanna a luadh. Ina measc bhí cláir sna réimsí seo a leanas:

- saoránacht ghníomhach
- íomhá dhearfach de dhaoine óga a chur chun cinn
- féachaint ar conas mar is féidir cláir a athstruchtúrú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndaoine óga a bhfuil sé deacair teacht orthu
- comhtháthú níos fearr sna seirbhísí
- na gníomhaireachtaí a bhfuil freagracht speisialta orthu maidir le hiompar aimhleasta ag glacadh na freagrachta as a ról in aghaidh a thabhairt ar an mórcheist.

Chuige sin, leithdháileadh deontais áirithe ar na tionscadail óige ar leith sa réimse atá ag cur raon tionscnamh atá sainithe thuas i bhfeidhm, tionscnaimh a chuirfear i gcrích roimh dheireadh 2011.

Tionscadail agus Grúpaí

2. Ionad Idirchultúrtha na gCanálacha

Is tionscadal nuálach é Ionad Idirchultúrtha na gCanálacha stiúrtha ag fís mar ar féidir le daoine ó gach cultúr maireachtáil le chéile i bpobal a thuigeann, a ghlacann agus a dhéanann ceiliúradh ar éagsúlacht agus cairdeas, ag druidim i dtreo Éire Chomhionann. Tá a phobal bunaithe i ndeisceart Bhaile Átha Cliath sa Chloigín Gorm, Inse Chór, Rialto, Cill Maighneann agus Droichead na hInse.

An aidhm ag an Ionad Idirchultúrtha ná daoine aonair, grúpaí agus eagraíochtaí a spreagadh chun glacadh le daoine ó gach cultúr inár bpobail agus sochaí. Baintear é seo amach trí sholáthar eolais agus tarchur, líonrú agus gníomhaíochtaí sóisialta a chuimsíonn prionsabail na gníomhaíochta dearfaí, freagracht agus chruthú comhthodhchaí aonair.

Bunaíodh Ionad Idirchultúrtha na gCanálacha sa bhliain 2005 chun tacú le cuimsiú pobal nua agus chun guth na bpobal céanna a threisiú i gceantar na gCanálacha.

Sa bhliain 2006 d'admhaigh Grúpa Oibre Óige agus Spóirt an Ionaid go raibh gá freagairt straitéiseach a thabhairt ar dhéimeagrafaic athraitheach daoine óga sa cheantar. Ag deireadh 2007 gnóthaíodh maoiniú chun straitéis a fhorbairt a éascódh freagairt straitéiseach ar an dúshlán seo i gceantar na gCanálacha.

I mí Feabhra 2010 seoladh Straitéis Idirchultúrtha Phobal na gCanálacha don Obair Óige. Is straitéis idirghníomhaireachta í seo, forbartha ag raon leathan eagraíochtaí a bhfuil de shainchúraim orthu idirchultúrachas agus/nó seirbhísí óige i bPobail na gCanálacha a chur chun cinn.

D'fhostaigh an tIonad Idirchultúrtha, le cúnamh ó Bhord Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath, oibrí chun bheith mar cheannaire i gcur i bhfeidhm na

straitéise óige. Aidhm na straitéise ná tiomantas d'idirchultúrachas a nascadh le seirbhísí óige sa cheantar. Is ionann sin agus a rá agus nach ndéantar fáilte amháin a chur roimh dhaoine óga ó ghrúpaí mionlaigh agus go gcuirtear an deis ar fáil iniúchadh agus ceiliúradh a dhéanamh ar chultúr mionlaigh agus tromlaigh araon.

I measc na réimsí tosaíochta a bheidh ann don chéad dá mhí dhéag amach romhainn ná feasacht agus tiomantas a mhéadú do smaointe idirchultúrachais san obair óige, beartais shonracha a fhorbairt timpeall ar idirchultúrachas agus obair frithchiníochais, píosaí oibre a aithint a chruthaíonn áit inar féidir cultúr a iniúchadh agus aghaidh a thabhairt ar chiníochas agus córas ceartaithe a chur i bhfeidhm in aghaidh an chiníochais i bpobail. Tá tuilleadh eolais ar fáil go díreach ó Ionad Idirchultúrtha na gCanálacha ag 01-4537239.

Struchtúr nua CDYSB

Mar pháirt d'athstruchtúrú eagraíochta a tharla ag deireadh 2010, chun feidhmíocht an NQSF a éascú go náisiúnta agus líon píosaí comhoibritheach leis an OMCYA chomh maith. In CDYSB ní raibh struchtúr foirne an Réimse socraithe. Cuireadh Foireann Tionscadal agus Clubanna isteach in áit Fhoireann an Réimse agus bunaíodh foireann nua chun seirbhís tacaíochta a sholáthar don NQSF i mBaile Átha Cliath agus go náisiúnta araon. Beidh an struchtúr nua i bhfeidhm ó Eanáir 2011.

Ráiteas Misin/Aidhmeanna Straitéiseacha CDYSB 2009-2012

Ráiteas misin CDYSB ná obair óige agus dheonach a chur chun cinn agus chun cur ar chumas daoine óga teacht go lán a gcumais laistigh dá bpobail féin agus sa tsochaí athraitheach seo.

Seo a leanas aidhmeanna Phlean Straitéiseach CDYSB 2009-2012:

1) Dul i mbun soláthar seirbhísí ardchaighdeáin a fhorbairt atá freagrúil i gcás riachtanais agus cumas daoine óga agus pobail.

2) Obair dheonach a chur chun cinn agus tacú leis mar chroíréimse inár gcuid oibre, laistigh de sheirbhísí oibre óige, i gCathair Bhaile Átha Cliath.

3) Díriú ar na príomhphrionsabail agus luach na hoibre óige a mhíniú agus a chur chun cinn.

4) Cleachtas ardchaighdeáin a sholáthar ag gach leibhéal san eagraíocht, atá bunaithe ar fhianaise.

5) Caidreamh CDYSB laistigh de CDVEC agus le príomhpháirtithe leasmhara seachtracha eile a leasú agus a chomhtháthú agus comhoibriú feabhsaithe a bhainistiú.

6) Dea-rialachas agus dea-chleachtas oibre a chinntiú san eagraíocht ag gach leibhéal.

7) A chur ar chumas na foirne a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh ag na caighdeáin is airde.

8) Na caighdeáin rialachais airgeadais is airde a chinntiú agus úsáid acmhainní airgeadais a uasmhéadú.

9) Bonneagar eagraíochtúil agus córais chumarsáide éifeachtacha a fhorbairt a éascóidh agus a chruthóidh timpeallacht a thacaíonn lenár gcuid oibre.

10) Tiomantas soiléir do chomhionannas agus éagsúlacht a léiriú.

Fáltais agus Íocaíochtaí 2010

Clár	Fáltais €	Íocaíochtaí €
Tionscadail Speisialta don Óige	4,119,367	4,177,203
Ciste d'Áiseanna agus Seirbhísí do Dhaoine Óga (1)	4,366,487	4,753,125
Ciste d'Áiseanna agus Seirbhísí do Dhaoine Óga (2)	5,405,983	5,474,096
LDTF Eatramhach	1,287,425	1,189,759
LDTF Príomhshrutha	1,630,931	1,613,636
Ceartas - Tionscadail Athstiúrtha don Óige	32,136	14,648
Riachtanais Éiritheacha	176,264	176,191
Ciste Ginearálta	1,388,803	1,350,932
Iomláin	**18,407,396**	**18,749,590**

(Gach figiúr faoi réir iniúchóireachta).

Achoimre ar Dheontais do Ghrúpaí 2010

Ainm an Ghrúpa	Móriomlán
Dublin Youth Theatre	€21,000
Belvedere Youth Club	€20,200
The Musik Makers	€4,950
Flashdance Youth Club	€4,510
Community After Schools Project (Sean McD)	€800
Afterschools Education & Support Programme	€6,200
Community Afterschool Project (Mountjoy Sq)	€800
Buion Mhuire Na Ndolas Girl Guides	€8,860
International Youth Club	€10,000
North East Inner City Adventure Club	€15,530
Ozanam Youth Group	€3,950
Dorset Street Afterschool Club	€5,600
Neighbourhood Youth Project 2 (NYP2)	€1,960
Móriomlán Clubanna BÁC 1	**€104,360**
Whitefriar Youth Club	€10,200
City Quay Youth Samba Project	€3,300
Pearse Finest Fifteen	€2,100
Tues ASP - Whiz Kids	€507
Dance Mania (Pearse St)	€2,100
Girl Talk	€2,100
South Siders	€2,100
Little Devils	€2,100
Liffey Side Youth Club	€2,241
St Marks Afterschool Club	€200
Blaze Youth Club	€2,750
Crosscare	€3,630
Móriomlán Clubanna BÁC 2	**€33,328**
East Wall Swimming and Canoe Club	€1,077
1st Dublin - Fairview Scout Group	€5,935
66th Naomh Eoin Cluain Tarbh Scout Group	€4,920
Eastwall Watersports Group Ltd	€4,840
Order of Malta Cadets Marino Unit	€3,740
5th Port Dollymount Sea Scout Group	€5,015
Rathmore Girls Club	€2,420
Marino Youth Club	€2,200
Dublin City Motorcross Club	€5,200
Móriomlán Clubanna BÁC 3	**€35,347**
11th Co Sandymount/Irishtown Girls' Brigade	€3,300
21st Dublin 4th Port Dodder Sea Scouts Group	€10,800
3rd/40th/41st Dublin Donnybrook Scout Group	€4,763
7th Donnybrook Scouts	€3,785
Donnybrook Youth Club	€2,000
Móriomlán Clubanna BÁC 4	**€24,648**

Ainm an Ghrúpa	Móriomlán
Anchor Educational Youth Centre	€5,440
58th/85th Dublin Donnycarney Scout Group	€14,400
140th Dublin Beaumont Scout Group	€10,020
Buion an Leanbh Prague Guides	€3,300
St Pauls Youth Club (Artane)	€6,120
160th Dublin Ardlea Scout Unit	€1,000
18th Dublin Santry Scout Group	€4,520
35th Dublin Grange Scout Group	€3,630
80th Dublin St Brendans CBSI Coolock Scout Group	€1,000
Sliebh Mór Outdoor Sports Club	€5,533
Maranatha Youth Club	€7,130
St Monicas Resource Centre	€10,573
Móriomlán Clubanna BÁC 5	**€72,665**
HQ Scout Group Dartry	€1,000
Christ Church Rathgar Youth Club	€2,420
6th Dublin Leeson Park Scout Group	€1,000
32nd Dublin Rathgar Scout Group	€4,793
Nullamore Youth Club	€9,200
Glenbeag Youth Club	€4,585
Harolds Cross Guides	€2,200
Terenure Foróige Club	€1,250
33rd Dublin Sandford Scout Group	€600
Móriomlán Clubanna BÁC 6	**€27,048**
Harolds Cross Youth Club	€2,420
31st Rathfarnham Scout Group	€3,420
Terenure Girl Guides	€2,200
Phoenix Variety Group	€2,970
Móriomlán Clubanna BÁC 6W	**€11,010**
Muscular Dystrophy Ireland	€400
9th/10th Dublin Aughrim St Scout Group	€4,520
Crosscare Aftercare Support Unit	€6,275
Canteen Ireland	€6,350
19th/36th Dublin Scout Unit	€4,200
Navan Road Scout Group - 4/5/129/190 Dublin	€4,640
Womens Aid Arts Programme (Rathmines)	€597
Christ the King Youth Club	€3,200
Navan Road Girl Guide Unit	3,190
Ventry Park Youth Group	800
Irish Deaf Teens	11,355
Móriomlán Clubanna BÁC 7	**€45,527**

Achoimre ar Dheontais do Ghrúpaí 2010 (ar leanúint)

Ainm an Ghrúpa	Móriomlán
Ferrini Youth Club	€5,000
School Street & Thomas Court Bawn Centre Club	€800
St Josephs Youth Club	€8,600
Fatima Youth Club	€2,750
Iveagh Trust Youth Club Kevin Street	€600
61st Dublin Scout Group	€7,800
Bulfin Youth Club	€8,500
Tenters Youth Club	€3,300
Michael Mallin Youth Club	€3,410
St Benedicts Y.C. SVDP	€3,750
Oliver Bond Youth Group	€3,950
42nd Dublin Scout Group	€10,580
Donore Foróige Club	€2,100
SWICN Youth Activities Group	€706
87th Dublin Polish Scout Group	€1,600
Early Focus Youth Group	€600
Móriomlán Clubanna BÁC 8	**€64,046**
127th Dublin Drumcondra Scout Unit	€1,885
The Plough Youth Club	€7,225
Ógeagras Naoimh Papain	€2,530
Glasnevin Youth Concert Band	€2,200
44th Dublin Whitehall Scout Group	€2,860
St Columbus Localise	€1,650
Móriomlán Clubanna BÁC 9	**€18,350**
Our Lady of Victories - OLV	€4,917
78th Dublin Scout Group Ballyfermot S.I.	€3,410
St Marys Youth Club	€7,480
Gurteen Youth Club	€9,700
Lets Have Fun Group	€4,647
Móriomlán Clubanna BÁC 10	**€30,154**
Order of Malta Cabra Unit	€3,520
Finglas Concert Band	€10,900
1st Dublin Scout Group	€1,238
The Allsorts Club	€3,000
Scoil Chiaráin Youth Club	€200
Dublin City Adventure Club	€1,830
Rainbow Junior Arch Club - Youth Club	€800
Finglas West Adventure Club	€2,060
Finglas East Adventure Club	€2,060
Finglas Adventure Club South	€2,060
Glasnevin Foroige Youth Club	€600
Youth Venture Project	€600
Móriomlán Clubanna BÁC 11	**€28,868**

Ainm an Ghrúpa	Móriomlán
Crumlin Community Youth Band	€5,060
35th Dublin Donore Avenue Scouts St. Teresa's Group	€4,750
94th Scout Group (Walkinstown)	€5,064
52nd Dublin SI, Harrington Street Scout Group	€1,000
Club 98 Youth Club	€400
44th/93rd Dublin Crumlin Scout Unit	€2,700
Brú Crumlin	€7,050
45th Dublin Mount Argus Scout Group	€6,312
Móriomlán Clubanna BÁC 12	**€32,336**
Jets Special Olympics Swimming Club	€2,220
46th Dublin Scout Group	€13,000
130th Dublin Priorswood Scout Group	€13,600
Móriomlán Clubanna BÁC 13	**€28,820**
New Life for Youth	€15,300
Dance X	€2,200
Womens Aid Arts Programme (Aoibhneas Coolock)	€399
Móriomlán Clubanna BÁC 17	**€17,899**
Riverside Youth Club	€3,520
139 Scout Troop - Chapelizod	€12,400
Móriomlán Clubanna BÁC 20	**€15,920**
91st Oblate Scout Group Bluebell/Inchicore	€4,080
Móriomlán Clubanna BÁC 24	**€4,080**
Cavan Centre	€11,691
Móriomlán Clubanna Co. an Chabháin	**€11,691**

Liosta Comhdhlúite d'Íocaíochtaí Tionscadail - 2010

Ainm an Tionscadail	YPFSF 1	YPFSF 2	Ciste SPY	LDTF Príomha	LDTF Riachtanais	Eatramhach Éiritheacha	Maoiniú Iomlán Tarraingthe
Adventure Sports Project		€169,000.00	€125,999.00				€294,999.00
Aisling Project				€205,509.25	€48,334.98		€253,844.23
Áosóg Project	€64,519.00						€64,519.00
Ballybough Youth Project	€64,398.00	€124,725.00		€58,781.00			€247,904.00
Ballyfermot Youth Service	€218,308.00	€188,700.00	€125,000.00	€124,747.00			€656,755.00
Ballymun LDTF					€54,841.32		€54,841.32
Ballymun Women's Resource Centre	€97,473.00		€71,000.00				€168,473.00
Ballymun YAP			€150,000.00				€150,000.00
Belong To Youth - LGBT Yth. Dev. Proj.						€50,220.50	€50,220.50
Belvedere Youth Service			€57,000.00				€57,000.00
BEST - Ballymun Educational Support Team					€121,649.00		€121,649.00
BITE - Ballymun After School Activity Club					€28,886.00		€28,886.00
Bluebell Youth Project				€35,097.16			€35,097.16
Bradóg RYS	€134,342.00	€472,390.00					€606,732.00
BRYR	€437,134.74	€685,570.00	€55,000.00	€108,732.00	€63,026.00		€1,349,462.74
Cabra For Youth	€134,565.00	€88,439.00					€223,004.00
Canal Communities LDTF					€44,718.00		€44,718.00
Canal Communities Regional Youth Service	€196,762.00	€66,900.00				€68,656.00	€332,318.00
Candle Community Trust	€64,230.00		€60,000.00				€124,230.00
Cavan Centre	€64,208.00	€161,870.00	€125,000.00				€351,078.00
CDVEC - Dublin 12 Youthreach					€19,462.00		€19,462.00
CDYSB - Technical Assistance	€302,190.47	€203,447.29	€167,226.74	€69,537.28			€742,401.78
Cherry Orchard Integrated Youth Service	€128,361.00		€240,000.00				€368,361.00
CLAY - Crumlin Lower Advancing Youth		€325,360.00					€325,360.00
Club '98 - Lower Crumlin					€2,062.00		€2,062.00
Crinan Youth Project				€52,041.00			€52,041.00
Crumlin Community Band					€8,512.00		€8,512.00
Crumlin Stay In School				€48,487.00			€48,487.00
CYC - Finglas Cabra - Awareness				€161,596.00			€161,596.00
CYC - Support Service - South Inner City				€57,162.00			€57,162.00
DAYS - Donore Avenue Youth Service		€108,085.66	€151,469.83	€56,489.33			€316,044.82
Donnycarney Youth Project		€83,036.00	€112,000.00				€195,036.00
Donore Education Network	€71,911.00						€71,911.00
Dublin 12 Educational Bursary Scheme					€20,044.00		€20,044.00
Dublin 12 Regional Youth Service	€274,826.17	€59,167.51					€333,993.68
Dublin North East DTF - Prevention & Education Officer					€108,488.00		€108,488.00
East Wall / North Port Youth Development Group	€145,638.00						€145,638.00
Fingal Centre For The Unemployed	€42,748.00						€42,748.00
Finglas Cabra DTF					€101,721.00		€101,721.00
Finglas Youth Resource Centre		€434,600.00	€180,000.00	€107,363.00			€721,963.00
Focus Ireland			€710,000.00				€710,000.00
Fountain Resource Group		€118,800.00					€118,800.00
H.O.P.E.					€43,169.00		€43,169.00

Liosta Comhdhlúite d'Íocaíochtaí Tionscadail - 2010 (ar leanúint)

Ainm an Tionscadail	YPFSF 1	YPFSF 2	Ciste SPY	LDTF Príomha	LDTF Riachtanais	Eatramhach Éiritheacha	Maoiniú Iomlán Tarraingthe
IADP - Annie Kelly Education Bursary					€22,700.00		€22,700.00
IADP - Community Participation					€92,400.00		€92,400.00
Kilbarrack Youth Project	€149,561.00						€149,561.00
Kilmore West Youth Project	€136,154.00						€136,154.00
Lourdes Youth and Community Service			€127,000.00				€127,000.00
M.I.C. Project					€172,738.00		€172,738.00
MACRO - Step By Step					€40,447.00		€40,447.00
Mater Dei Primary School - Early Focus Project				€68,896.00			€68,896.00
Pavee Point			€90,000.00				€90,000.00
Poppintree Youth Project	€96,251.00	€39,700.00	€110,000.00				€245,951.00
Rialto Youth Project	€64,320.00	€218,400.00	€190,000.00				€472,720.00
RIYP	€228,566.65						€228,566.65
SAYS - South Area Youth Service -	€115,661.00	€118,800.00		€74,367.00			€308,828.00
Separated Children's Project			€92,573.00				€92,573.00
Sphere 17 RYS (and TRAVACT)	€90,336.00	€445,500.00	€324,000.00	€189,092.00	€44,237.50		€1,093,165.50
St. Andrew's Youth Project	€128,649.00		€130,000.00	€77,190.00			€335,839.00
St. John Bosco Youth Centre	€203,798.00	€70,300.00			€57,914.00		€332,012.00
St. Michael's Parish Youth Project	€64,190.00	€108,600.00	€117,000.00	€64,782.00	€66,905.00		€421,477.00
St. Monica's Youth Project	€130,033.00						€130,033.00
St. Ultan's Childcare Project	€80,513.00						€80,513.00
Stoneybatter Youth Service	€145,576.66	€108,642.84	€93,934.23				€348,153.73
SWAN (St. Agatha's Hall / North Wall)	€279,414.00	€275,800.00					€555,214.00
SWICN Youth Service	€135,482.00			€53,767.00			€189,249.00
The Base		€475,200.00				€57,314.00	€532,514.00
The Brú Youth Service		€212,630.00	€105,000.00				€317,630.00
The Common Ground	€55,592.00	€29,700.00					€85,292.00
TRIBLI-TYS Exchange House, Labre Park, St Margaret's	€67,800.00		€300,000.00				€367,800.00
Trinity Comprehensive School					€14,534.00		€14,534.00
Trinity Youth Service	€85,688.00		€61,000.00				€146,688.00
Westland Row CBS	€26,684.00				€9,728.00		€36,412.00
Wexford Centre Project	€27,241.00						€27,241.00
Whitefriar Aikido Club					€3,242.00		€3,242.00
YMCA - Youth Work Programme			€107,000.00				€107,000.00
YPFSF II - Small Grants Fund		€80,733.00					€80,733.00
Total Per Fund	€4,753,124.69	€5,474,096.30	€4,177,202.80	€1,613,636.02	€1,189,758.80	€176,190.50	€17,384,009.11